



Tuarascáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil 2022

Dr. Bernie O'Donoghue Hynes, Robert Keane agus Holly Morrin

Brollach

Is é seo an chéad fhoilseachán de Phríomhtháscairí Feidhmíochta um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil. Léiríonn torthaí 2022 go bhfuil bonneagar fairsing de bhaill foirne um ghníomhú ar son na haeráide agus d'fhoirne gníomhartha trasfheidhmiúla i bhfeidhm. Bhí a lán gníomhaíochta ar siúl, idir chruinnithe, agus ghníomhartha oiriúnaithe, gníomhartha taisteal gníomhach, iarfheistiú tithíocht shóisialta agus pleananna freagartha adhaimsire. Rinneadh obair chun cumas na foirne agus na mball a toghadh a fheabhsú trí rannpháirtíocht ghníomhach i sraith modúil oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide a dearadh go sonrach d'údaráis áitiúla, agus tugadh tacaíocht do ghnólachtaí beaga a n-astaíochtaí a laghdú trí thacaíochtaí praiticiúla ó chlár cóitseála na hOifige Fiontair Áitiúil 'Green for Micro'. Sa tuarascáil seo, léireofar na lagduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a baineadh amach ar fud na hearnála seo in 2022, in ainneoin méadú ar an réimse seirbhísí atá á gcur ar fáil do dhaonra atá ag fás.

I dtuarascáil na hearnála maidir le Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030 (DECA 2030), tá sé de cheangal ar an rialtas áitiúil cumas, sroicheadh agus acmhainní na n-údarás áitiúil a threisiú chun gníomhú ar son na haeráide a threorú agus a chomhordú go héifeachtach ar fud na hÉireann. Is é an misean athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a sheachadadh ar fud na gcathracha agus na gcontaetha agus laistigh dár n-eagraíochtaí féin, trí cheannaireacht, eiseamláireacha, agus gníomhartha ar leibhéal áitiúil. Cabhróidh táirgeadh na tuarascála seo linn an méid atá á dhéanamh againn a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air agus a chinntiú go bhfuilimid ag tabhairt aghaidh ar na

príomhthéamaí a bhaineann le príomhshruthú, oiriúnú, maolú agus forbairt acmhainní, toisc go mbeidh na gníomhartha a bhaineann leis an aeráid níos éifeachtaí nuair a ghlacfar cur chuige iomlánaíoch.

Amach anseo, oibreoidimid i gcomhar le chéile chun sonraí a bhailiú ó údaráis áitiúla agus ó eagraíochtaí tacaíochta go luath in 2024, ionas gur féidir linn deiseanna a mhéadú agus leas a bhaint as na torthaí le haghaidh na hearnála.

John McLaughlin
Cathaoirleach
Coiste Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) um Gníomhú ar son na hAeráide, Iompar, Geilleagar Ciorclach agus Líonraí



Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association



An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government
Management Agency

Buíochas

Is mian leis na húdair buíochas a ghabháil le baill Ghrúpa Oibre an Phríomhtháscaire Feidhmíochta (PTF) um Ghníomhú ar son na hAeráide as a n-ionchur i gcéimeanna bailithe sonraí agus léirmhíithe sonraí na hoibre. Gabhaimid buíochas freisin le gach ball foirne de chuid na n-údarás áitiúil a raibh baint acu leis na suirbhéanna a chomhlánú agus na sonraí a cuireadh isteach a fhíorú. Tá buíochas ag dul d'fhoireann Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), Fiontraíocht Éireann, Grúpa Seirbhísí Líonra Oiliúna na nÚdarás Áitiúil, agus Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) a chuir isteach sonraí agus a d'fhreagair ceisteanna.

Bhí ról lárnach ag foireann Láraonad Sonraí GBRÁ i léiriú na sonraí ó údarás áitiúla trína n-uirlis suirbhé. Is mór againn an méid a rinne siad, mar aon leis an obair atá ar siúl acu faoi láthair chun na sonraí a bailíodh a amharcléiriú.

Ballraíocht i nGrúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2022:

- Paul Kennedy, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, (Cathaoirleach)
- Breda Maher, CARO an Oirthir agus Lár Tíre (Bainisteoir Tionscadail)
- Bernie O'Donoghue Hynes, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Anthony McNamara, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Alex Grassick, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Chiarraí
- Tina Ryan, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae na Gaillimhe
- John Mc Nally, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Tacaíocht:

- Rob Keane, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Claire Moran, CARO an Oirthir agus Lár Tíre (Tacaíocht Tionscadail)

Clár Ábhair

Brollach	2
Buíochas	3
Achoimre Feidhmiúcháin	6
Príomhshruthú	6
Maolú	6
Oiriúnú	6
Athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní	6
Réamhrá	7
Cúlra	7
Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021	7
Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022	7
Bailiú sonraí PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022	9
Torthaí Sonraí 2022	10
Príomhshruthú	10
Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide	10
Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide	12
Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide a bunaíodh	12
Tréithe CAT	14
Maolú	16
Tionscadail Taisteal Gníomhach	16
Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta	17
Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa	18
Oiriúnú	19
Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide	19
Cruinnithe Foirne maidir le Tarluithe Adhaimsire Éigeandála agus Pleananna Freagartha a cuireadh i bhfeidhm	21
Athrú Iompraíochta Inmheánach & Forbairt Acmhainní	24
Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide	24
Tionsnamh Gnó Green for Micro	25
Conclúid	27
Leabharliosta	27

Liosta na bhFóiranna

Fíor 1	Údarás áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu	9
Fíor 2	Líon na n-údarás áitiúil a bhfuil Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/22	9
Fíor 3	Líon na n-údarás áitiúil a bhfuil Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/22	10
Fíor 4	Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ag deireadh na bliana	11
Fíor 5	Stádas thionscadail taisteal gníomhach na n-údarás áitiúil an 31/12/22	16
Fíor 6	Coigilt fuinnimh MWh in aghaidh na bliana	18
Fíor 7	Stádas an Ghnímh Oiriúnaithe ar son na hAeráide 2022	21
Fíor 8	Cruinnithe foirne um fhreagairt adhaimsire na n-údarás áitiúil a réachtáladh in 2022	22
Fíor 9	An chúis a bhfuil plean freagartha éigeandála adhaimsire 2022 á chur i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil	25
Fíor 10	Líon na n-áiteanna oiliúna ar fhreastail foireann na n-údarás áitiúil orthu le linn 2022	27
Fíor 11	Líon na mball a toghadh a d'fhreastail ar oiliúint um ghníomhú ar son na haeráide 2022	27
Fíor 12	Líon na FBManna páirteach sa tionscnamh OFÁ Green for Micro le linn 2022	29

Liosta na dTáblaí

Tábla 1	2021 Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil	4
Tábla 2	Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an rialtais áitiúil 2022	5
Tábla 3	Foinsí sonraí agus an mhí a bailíodh sonraí PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022	7
Tábla 4	Stádas na bhFoirne agus na bhfoghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide an 31/12/22	12
Tábla 5	Líon na mball foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide	13
Tábla 6	Baill foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ar cuireadh oiliúint orthu	13
Tábla 7	Líon na gcruinnithe um Ghníomhú ar son na hAeráide	14
Tábla 8	Líon na gcruinnithe Foirne agus Foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide	14
Tábla 9	Aonaid tithíochta iarfheistithe 2022	18
Tábla 10	Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa	19
Tábla 11	Stádas na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide	20
Tábla 12	An phríomhchúis le plean freagartha éigeandála adhaimsire 2022 a chur i bhfeidhm	23

Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo torthaí Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 le haghaidh gach údarás áitiúil. Bailíodh na sonraí ar a ndéantar tuairisciú ó údarais áitiúla, Fiontraíocht Éireann, Grúpa Oiliúna Líonra Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚA), agus Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta GBRÁ, agus ÚFIÉ.

Is iad seo a leanas príomhthorthaí 2022:

Príomhshruthú

Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Bhí Oifigeach nó Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide amháin ar a laghad i bhfeidhm ag 27 údarás áitiúil an 31 Nollaig, 2022. Cuireadh 3 údarás áitiúil leis ó 2021.

Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

- Bhí Foirne tras-rannacha um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm nó bhí tús á gcur leo ag 30 údarás áitiúil, i gcomparáid le 31 in 2021.
 - Ar an meán, bhí 21 ball ar Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na n-údarás áitiúil.
 - Ghlac 74% de bhaill na Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide páirt in oiliúint na n-údarás áitiúil um ghníomhú ar son na haeráide.
- Bhí cruinnithe ag 27 Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn 2022. Bhí 116 cruinniú ar fud na hearnála i gcaitheamh na bliana.
- Bhí 22 foghrúpa Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil i bhfeidhm ag deireadh 2022, agus bhí 154 cruinniú acu ar an iomlán le linn 2022.

Maolú

Taisteal Gníomhach

- Bhí 1,554 tionscadal taisteal gníomhach á gcur ar fáil ag údarais áitiúla: Cuireadh 33% acu i gcrích, tá 17% á dtógáil, agus 50% ag céim an deartha an 31 Nollaig, 2022.

Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta

- Chuir 28 údarás áitiúil iarfheistiú i gcrích in 2,283 aonad tithíocht shóisialta agus mar thoradh air sin, is é an choigilt fuinnimh bhliantúil a mheastar 30,161KWh, is é sin 8,544 tCo2.
- Tháinig laghdú 25.4% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid leis an meán bonnlíne le haghaidh na n-údarás áitiúil go léir idir 2016 agus 2018.

Oiriúnú

Gníomhartha oiriúnaithe aeráide atá á gcur i gcrích

- Bhí 2,526 gníomh oiriúnaithe á gcur i bhfeidhm ag an earnáil a shonraítear i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide na nÚdarás Áitiúil/Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (2019 - 2024): Cuireadh 20% i gcrích, tá 68% go fóill á bhforbairt, níor cuireadh tús le 9%, is gníomhartha nua atá i gceist le 3% agus cuireadh 0.4% ar athló.

Tarluithe Aimsire Éigeandála

- Reáchtáladh 199 cruinniú don Fhoireann Freagartha Adhaimsire ar fud 27 údarás áitiúil le linn 2022.
- Cuireadh 126 Plean le haghaidh Freagairt Éigeandála ar Adhaimsir i ngníomh le linn 2022. Báisteach ba chúis le 29% de ghníomhachtú, gaoth agus gaoth chósta ba chúis le 47% de ghníomhachtú, sneachta/sioc/teocht íseal ba chúis le 20%, agus stoirmeacha toirní agus ceo/ceo seaca ba chúis le 2%.

Athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní

Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide

- D'fhreastail baill foirne na n-údarás áitiúil ar 3,394 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide in 2022.
- D'fhreastail na baill a toghadh ar 115 áit oiliúna um ghníomhú ar son na haeráide in 2022.

Tacaíocht ó Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna)

- Fuair 413 gnólacht tacaíocht ó Oifigí Fiontair Áitiúil na n-údarás áitiúil faoin gClár Green for Micro in 2022.

Réamhrá

Tá sonraí sa tuarascáil seo faoin bpróiseas a úsáideadh chun príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) a fhorbairt don earnáil rialtas áitiúil, agus na torthaí earnála do na naoi dtáscairí a ndearnadh faireachán orthu le haghaidh 2022.

Cúlra

In 2020, ar iarratas ó Choiste Timpeallachta, Athrú Aeráide agus Pleanáil Éigeandála (ECCEP) CBCC, ghlac foireann Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide san Oirthear agus i Lár na Tíre (CARO) páirt i bpróiseas athbhreithnithe agus comhairliúcháin agus mhol siad roinnt PTFanna a léirigh na príomhréimsí oibre atá i gCairt 2019 um Gníomhú ar son na hAeráide, An Plean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2021, chomh maith le pleananna oibre CARO (bunaíodh CAROanna in 2018).

Ag tús 2021, thionóil Grúpa Oibre PTF um Gníomhú ar son na hAeráide (CA KPI WG) le Coiste um Gníomhú ar son na hAeráide agus Líonraí Iompair (CATN) CBCC¹. Ceapadh ball den Choiste mar chathaoirleach, agus i measc na gcomhaltaí eile bhí ionadaithe CARO, foireann Aonad Taighde GBRÁ, agus foireann na n-údarás áitiúil. Cuireadh de chúram ar an nGrúpa Oibre cur chuige fianaise-bhunaithe a úsáid chun PTFanna a shainnithint agus measúnú a dhéanamh ar indéantacht a n-úsáide. Iarradh orthu freisin maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt chóras gabhála sonraí PTF um gníomhú ar son na haeráide agus próiseas trédhearcach a shainnithint chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar PTFanna amach anseo.

Bhí ar na PTFanna a roghnaíodh a bheith ag teacht leis na spriocanna agus na cuspóirí a sonraíodh maidir le Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030 (CBCC agus CARO, 2020), straitéis na hearnála chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an athraithe aeráide.

Leagadh amach sa tuarascáil an cur chuige a bhí beartaithe ag an rialtas áitiúil a ghlacadh chun fíis na hearnála a sheachadadh le cumas, sroicheadh agus acmhainní na n-údarás áitiúil a threisiú chun gníomhú ar son na haeráide a threorú agus a chomhordú go héifeachtach ar fud na hÉireann.

D'fhonn tacú le hobair an ghrúpa, coimisiúnaíodh dhá thuarascáil taighde. Athbhreithniú litríochta a bhí sa chéad tuarascáil a rinne iniúchadh ar an gcineál táscaire ba cheart a úsáid chun gníomhaíochtaí um gníomhú ar son na haeráide a rianú go héifeachtach i gcomhthéacs rialtais áitiúil (Clarke, 2021). Cuireadh béim ar leith ar an ngá atá le táscairí 'próisis' chomh maith le táscairí 'toraidh' a chur san áireamh. Díríonn táscairí an phróisis ar thaifeadadh a dhéanamh le fáil amach an bhfuil an bonneagar riachtanach agus na tionscnaimh forbartha acmhainní riachtanacha i bhfeidhm chun seachadadh táscairí toraidh a éascú. Aithníodh sa dara tuarascáil réimse de bhreis agus céad táscaire féideartha faoi théamaí éagsúla, a raibh go leor acu in úsáid i ndlínsí eile (Clarke 2022).

Príomhtháscairí Feidhmíochta um Gníomhú ar son na hAeráide 2021

In 2021, rinne Grúpa Oibre PTF um Gníomhú ar son na hAeráide athbhreithniú ar liosta na dtáscairí a d'aithin foireann an Oirthir agus Lár na Tíre CARO. Dhírigh an grúpa ar líon teoranta príomhtháscairí próisis agus príomhtháscairí toraidh a roghnú, ina mbeadh sonraí ar fáil go héasca agus ina bhféadfaí iad a bhailiú go héasca ar fud na hearnála. Roghnaíodh ceithre tháscaire le haghaidh 2021, agus rinneadh dul chun cinn ar an obair maidir le táscairí breise a iniúchadh agus a thástáil le haghaidh 2022.

¹Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Choistí CBCC i mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh deireadh le Coiste ECCEP an CCMA agus cuireadh an fhreagracht as gníomhú ar son na haeráide ar aghaidh chuig an gCoiste nuabhunaithe um Gníomhú ar son na hAeráide, Iompair agus Líonraí (GSAIL).

Tábla 1 2021 Príomhtháscairí Feidhmíochta um Gníomhú ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil

PTFanna um Gníomhú ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil 2021	Téama maidir le Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030
1. Baill Foirne um Gníomhú ar son na hAeráide	Príomhshruthú
2. Foirne agus foghrúpaí um Gníomhú ar son na hAeráide	Príomhshruthú
3. Oiliúint Comhairleoirí agus Baill Foirne	Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní
4. Gníomhartha Oiriúnaithe an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide	Oiriúnú

Bailíodh sonraí 2021 ó cheithre údarás áitiúla phíolótacha, Ceatharlach, Luimneach, Baile Átha Cliath Theas, agus Dún na nGall go luath in 2022. D'éascaigh an próiseas seo mionchoigeartú ar cheisteanna suirbhé agus ar phróisis bhailithe sonraí. I Ráithe 3, 2021, bhailigh agus rinne Aonad Taighde an GBRÁ sonraí PTF le haghaidh na n-údarás áitiúil go léir a bhailiú agus a anailísiú agus cuireadh faoi bhráid an Choiste um Gníomhú ar son na hAeráide agus Líonraí Iompair CBCC iad i mí na Samhna 2022. Baineadh úsáid as torthaí 2021 sa tuarascáil seo chun comparáid a dhéanamh le torthaí 2022 nuair is ábhartha.

I bhfianaise a thábhachtaí atá gníomhú ar son na haeráide, chuaigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchta (CNMI) i dteagmháil le Grúpa Oibre PTF um Gníomhú ar son na hAeráide in 2022 agus roghnaíodh achoimre ar tháscairí na Foirne um Sholáthar Foirne agus Gníomhaithe ar son na hAeráide lena gcur san áireamh ina liosta táscairí feidhmíochta náisiúnta rialtas áitiúil. Bhailigh CNMI sonraí na dtáscairí le haghaidh 2021 ach, i gcomhréir lena bheartas

maidir le táscairí tástála, níor foilsíodh na torthaí le haghaidh 2021 toisc go n-úsáidtear an chéad bhliain de bhailiú sonraí chun cáilíocht na sonraí a mheas agus a fhíorú. D'fhoilsigh CNMI torthaí 2022 i Meán Fómhair 2023.

Príomhtháscairí Feidhmíochta um Gníomhú ar son na hAeráide 2022

Reáchtáladh sraith ceardlanna pearsanta le foireann na n-údarás áitiúil in 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar liosta fada táscairí beartaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i ndoiciméad taighde CBCC agus CARO (Clarke 2022). Iarradh ar fhoireann aeráide na n-údarás áitiúil agus CARO a mheas an raibh na táscairí seo (1) tomhaiste nó inchainníochtaithe, (2) iontaofa, (3) bailí, agus (4) ábhartha maidir le spriocanna/uailmhian eagraíochtúil i dtaca le hathrú aeráide. Tar éis dianphróiseas athbhreithnithe, roghnaíodh cúig tháscaire nua agus cuireadh le táscairí 2021 iad. Bhain siad sin le taisteal gníomhach, freagairtí adhaimsire, tacaíocht fiontraíochta, iarfheistiú fuinnimh, agus laghdú ar gháis cheaptha teasa.

Tábla 2 Grúpa Oibre PTF um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an rialtais áitiúil 2022

PTFanna um Gníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil 2022	PTFanna 2022	PTFanna 2021	Téama maidir le Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030
1. Baill Foirne um Gníomhú ar son na hAeráide	✓	✓	Príomhshruthú
2. Foirne agus foghrúpaí um Gníomhú ar son na hAeráide	✓	✓	Príomhshruthú
3. Oiliúint Comhairleoirí agus Baill Foirne - athraithe 2022 ²	✓	✓	Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní
4. Gníomhartha Oiriúnaithe an Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide	✓	✓	Oiriúnú
5. Tionscadail Taisteal Gníomhach	✓		Maolú
6. Foirne Freagartha agus Tarluithe Adhaimsire	✓		Oiriúnú
7. Gnó Green for Micro	✓		Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní
8. Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta	✓		Maolú
9. Laghdú ar Ghás Ceaptha Teasa	✓		Maolú

² Ní raibh sonraí le haghaidh 2021 agus 2022 go díreach mar an gcéanna. Bailíodh sonraí 2021 ó údarás áitiúla agus bhain siad le líon na ndaoine aonair a fuair oiliúint; Bailíodh sonraí 2022 ó GOLSÚA agus bainneann siad le líon na n-áiteanna oiliúna a cuireadh ar fáil d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus do bhaill a toghadh i rith na bliana.

Bailiú sonraí PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022

Bailíodh sonraí ó údaráis áitiúla i mí an Mheithimh 2023 le haghaidh cúig cinn de na naoi PTF ag baint úsáid as uirlis suirbhé ar líne Láraonad Sonraí an GBRÁ. D'fhorbair Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide doiciméad mionsonraithe ar threoirlínte agus scaipeadh é leis an suirbhé chun a chinntiú go raibh léirmhíniú seasmhach ar na sonraí.

Rinneadh teagmháil le ceithre eagraíocht sheachtracha chun na sonraí a chur ar fáil do na

táscairí breise. Chuir Fiontraíocht Éireann sonraí ar fáil faoin gclár gnó Green for Micro, sholáthair Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta an GBRÁ (HDCO) na sonraí Iarfheistithe Tithíocht Shóisialta, sholáthair Grúpa Oiliúna Líonraí Seirbhísí na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚÁ) sonraí oiliúna na foirne agus na gcomhaltaí a toghadh, agus chuir ÚFIÉ na sonraí gáis cheaptha teasa ar fáil.

Tábla 3 Foinsí sonraí agus an mhí a bailíodh sonraí PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022

PTFanna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil 2022	Arna soláthar ag	An mhí a bailíodh na sonraí
1. Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide	Údaráis Áitiúla	Meitheamh 2023
2. Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide	Údaráis Áitiúla	Meitheamh 2023
3. Oiliúint Comhairleoirí agus Baill Foirne	Grúpa Oiliúna Líonraí Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil (GOLSÚÁ)	Meán Fómhair 2023
4. Gníomhartha Oiriúnaithe an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide	Údaráis Áitiúla	Meitheamh 2023
5. Tionscadail Taisteal Gníomhach	Údaráis Áitiúla	Meitheamh 2023
6. Foirne Freagartha agus Tarluithe Adhaimsire - NUA 2022	Údaráis Áitiúla	Meitheamh 2023
7. Gnó Green for Micro - NUA 2022	Fiontraíocht Éireann	Meitheamh 2023
8. Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta - NUA 2022	Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta GBRÁ	Deireadh Fómhair 2023
9. Laghdú ar Ghás Ceaptha Teasa – N/A (ÚFIÉ – N/A) – NUA 2022	SEAI	Samhain 2023

Torthaí Sonraí 2022

Cuirtear torthaí bhailiú sonraí 2022 le haghaidh gach ceann de na 31 údarás áitiúil i láthair sa chaibidil seo. Nuair a thiocfadh, baineadh úsáid as torthaí 2021 chun comparáid a dhéanamh. Tá na torthaí a chuirtear i láthair ag teacht le príomhthéamaí DECA 2030; príomhshruthú, maolú, oiriúnú, agus athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainní.

Príomhshruthú

Leagtar béim san athbhreithniú litríochta ar an ngá atá le táscairí próisis a chur san áireamh, a dhíríonn ar chórais tacaíochta eagrúcháin, lena n-áirítear fostaithe cáilithe agus struchtúir chúil rialachais agus maoirseachta, toisc go meastar go bhfuil ríthábhacht leo do chóras feidhmíochta feidhmiúil agus comhordaithe (Clarke, 2021). Tá na táscairí a aithníodh mar chuid den obair seo ar phríomhshruthú sa chatagóir seo.


Ba é an cuspóir faoin gceanteideal seo a fháil amach an raibh an bonneagar cuí (i.e., baill foirne um ghníomhú ar son na haeráide agus Foirne agus Foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide na n-údarás áitiúil) i bhfeidhm ar fud earnáil an rialtais áitiúil. Is iad na baill foirne a bhfuil baint dhíreach acu mar fhostaithe, nó trína bheith ar Fhoirne nó ar fhoghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide na daoine atá freagrach as na gealltanais atá sa Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide, Straitéisí um Oiriúnú don Athrú Aeráide, Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus an straitéis earnála, Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030 (CBCC agus CARO, 2030).

Baill Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

Fiafraíodh de na húdarás áitiúla cé mhéad ball foirne a bhí i ról an Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus/nó an Chomhordaitheora um Ghníomhú ar son na hAeráide an 31 Nollaig, 2022. Ba é an cuspóir rianú a dhéanamh ar earcú an dá acmhainn aeráide a ceadaíodh chun forbairt

agus cur i bhfeidhm Phleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na nÚdarás Áitiúil a chur chun cinn.

Bhí 27 údarás áitiúil le foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm an 31 Nollaig, 2022. Tá trí údarás áitiúla bhreise ann i gcomparáid le torthaí 2021.




Fíor 1 Údarás áitiúla a bhfuil foireann um ghníomhú ar son na haeráide i bhfeidhm acu

As na ceithre údarás áitiúla nach raibh foireann acu ag deireadh 2022, bhí Dún na nGall agus Luimneach a raibh foirne i bhfeidhm acu ag tús 2022, ach d'fhág na baill foirne i rith na bliana. Iarradh ar bhaill foirne eile leanúint leis an obair fad is a bhí earcaíocht foirne ar siúl. Bhí Ros Comáin agus Tiobraid Árann ag earcú foirne go gníomhach le linn 2022 agus thosaigh an fhoireann ag obair in 2023.

Bhí meascán d'Oifigigh agus de Chomhordaitheoirí i bhfeidhm ar fud na hearnála. Ní raibh ach Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide ag cúig údarás áitiúla agus ní raibh ach Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide ag 18 acu. Bhí Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhordaitheoirí araon i bhfeidhm ag na ceithre údarás áitiúla eile

Údaráis áitiúla a bhfuil Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/2022:


- Comhairle Contae Chorcaí
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae Chiarraí
- Comhairle Contae Laoise
- Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Comhairle Contae na Mí
- Comhairle Contae Shligigh
- Comhairle Contae na hIarmhí
- Comhairle Contae Loch Garman



Fíor 2 Líon na n-údarás áitiúil a bhfuil Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/22

Údaráis áitiúla a bhfuil Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/2022:

- Comhairle Contae Cheatharlach
- Comhairle Contae an Chabháin
- Comhairle Contae an Chláir
- Comhairle Cathrach Chorcaí
- Comhairle Contae Chorcaí
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Comhairle Contae Fhine Gall
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Comhairle Contae na Gaillimhe
- Comhairle Contae Chiarraí
- Comhairle Contae Chill Dara
- Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Comhairle Contae Liatroma
- Comhairle Contae Longfoirt
- Comhairle Contae an Lú
- Comhairle Contae na Mí
- Comhairle Contae Muineacháin
- Comhairle Contae Uíbh Fhailí
- Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
- Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
- Comhairle Contae Chill Mhantáin



Fíor 3 Líon na n-údarás áitiúil a bhfuil Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhfeidhm acu an 31/12/22

Mar aon le foireann thiomnaithe um ghníomhú ar son na haeráide, gheall údaráis áitiúla go mbunófaí foirne ilfheidhmeacha ina mbeadh baill ó réimse iomlán limistéar seirbhíse na n-údarás áitiúil. Ba é cuspóir na bhfoirne seo éagsúlacht foirne údarás áitiúil a bheith acu a ghlac freagracht as gníomhartha a bhaineann leis an aeráid a chur i bhfeidhm, rud a chinntigh gur glacadh le cur chuige iomlánaíoch i leith an chur chun feidhme.


Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Sainmhíníodh Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAT) mar fhoireann a rinne ionadaíocht ar gach roinn, nó ar an gcuid is mó de na ranna, ar na scileanna agus ar na disciplíní a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ar fud an údarás áitiúil. Rinneadh measúnú ar stádas agus ar mhéid na bhfoirne um ghníomhú ar son na haeráide ag deireadh 2022 chun a fháil amach an raibh na struchtúir chinnteoireachta riachtanacha i bhfeidhm. Rinneadh sonraí a bhaineann le líon agus méid na bhfoghrúpaí a thaifeadadh freisin, mar a cuireadh le chéile iad, thug siad léiriú ar mhéid an bhonneagair a bhí ann chun gníomhaíochtaí aeráide a sheachadadh ar fud na hearnála in 2022. Rinneadh athbhreithniú ar líon na gcruinnithe don dá ghrúpa chun leibhéal na gníomhaíochta ar fud na hearnála a mheas le linn na tréimhse sin.

Foirne agus foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide a bunaíodh

Bhí CAT ag feidhmiú nó bhí siad á bhforbairt ag tríocha údarás áitiúil an 31 Nollaig 2022. Ní raibh CAT i bhfeidhm ag údarás áitiúil amháin (Luimneach). Ní hionann é sin agus torthaí 2021 nuair a bhí 30 CAT ag feidhmiú agus ceann amháin fós á fhorbairt ag deireadh na bliana. Dá bhrí sin, bhí laghdú beag ar bhonneagar CAT.

Bhí CATanna ag feidhmiú i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh in 2021 ach mar gheall ar láimhdeachas suntasach foirne i ranna éagsúla, b'éigean dóibh a gcuid CATanna a athchruthú, agus mar sin ba é a stádas ag deireadh 2022 'fós á fhorbairt'.



Fíor 4 Stádas na bhFoirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ag deireadh na bliana

Chun é sin a láimhseáil, reáchtáil Cathair Bhaile Átha Cliath ceardlanna ráithiúla tras-rannacha chun monatóireacht a dhéanamh ar na tionscadail éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide atá i bhfeidhm. I gCill Chainnigh, bunaíodh agus cuireadh i bhfeidhm Oifig um Ghníomhú ar son na hAeráide faoi Mheán Fómhair 2022 agus bhí deireadh le hearcú ball le haghaidh na foirne ag deireadh na bliana.

Ní raibh aon CAT ag feidhmiú i Luimneach ach bhí gníomhartha aeráide á gcur i gcrích acu trí fhoirne tras-rannacha éagsúla a bhí ag bainistiú tionscadail shonracha um ghníomhú ar son na haeráide (m.sh., Coiste Bainistithe Fuinnimh, Foireann um Sheachadadh Taisteal Gníomhach, tionscadal Fís 2020 CityXChange, srl.), ach ní raibh na grúpaí sin ag teacht leis an sainmhíniú ar fhoghrúpa don suirbhé seo.

Chomh maith leis na foirne CAT, bhí foghrúpaí CAT ag feidhmiú ag 22 údarás áitiúil ag deireadh 2022. Sin ocht n-údarás áitiúla níos mó ná mar a bhí ann in 2021 nuair a bhí foghrúpaí ag 14 údarás áitiúil. Mar a fheictear i dTábla 4, bhí foghrúpaí i bhfeidhm i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh araon fad is a bhí a gcuid CATanna á mbunú nó á n-athbhunú.

Tábla 4 Stádas na bhFoirne agus na bhfoghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide an 31/12/22

Údarás Áitiúil	An Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022	Foghrúpa um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022
Comhairle Contae Cheatharlach	Tá	Tá
Comhairle Contae an Chabháin	Tá	Tá
Comhairle Contae an Chláir	Tá	Tá
Comhairle Cathrach Chorcaí	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae Chorcaí	Tá	Tá
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Tá	Tá
Comhairle Contae Dhún na nGall	Tá	Ní dhearna
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Fós á fhorbairt	Tá
Comhairle Contae Fhine Gall	Tá	Tá
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Tá	Tá
Comhairle Contae na Gaillimhe	Tá	Tá
Comhairle Contae Chiarraí	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae Chill Dara	Tá	Tá
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Fós á fhorbairt	Tá
Comhairle Contae Laoise	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae Liatroma	Tá	Ní dhearna
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	Ní dhearna	Ní dhearna
Comhairle Contae Longfoirt	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae an Lú	Tá	Tá
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Tá	Tá
Comhairle Contae na Mí	Tá	Tá
Comhairle Contae Muineacháin	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	Tá	Tá
Comhairle Contae Ros Comáin	Tá	Tá
Comhairle Contae Shligigh	Tá	Tá
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Tá	Tá
Comhairle Contae Thiobraid Árann	Tá	Tá
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	Tá	Ní dhearna
Comhairle Contae na hIarmhí	Tá	Tá
Comhairle Contae Loch Garman	Tá	Tá
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Tá	Tá

Tréithe CAT

Tábla 5 Líon na mball foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

	2022	2021
Líon bhaill foirne CAT go náisiúnta	616	544
Líon na nÚdarás Áitiúil a bhfuil baill foirne acu	29	30
Meánlíon na mball in CAT	21	18

Bhí CAT ag naoi n-údarás áitiúla is fiche agus ballraíocht iomlán i bhfeidhm. Ní raibh aon CAT i Luimneach agus bhí Cathair Bhaile Átha Cliath ag athchruthú CAT. Dála Chathair Bhaile Átha Cliath, bhí CAT Chill Chainnigh 'fós á fhorbairt' ach bhí na comhaltaí go léir ceaptha roimh dheireadh 2022.

San iomlán, bhí 616 ball foirne de chuid na n-údarás áitiúil ina suí ar na 29 CAT ó ranna éagsúla ag deireadh 2022. Ba mhéadú é sin i gcomparáid le 2021, nuair a bhí 544 ball CAT ar fud 30 CAT. Mhéadaigh meánmhéid CAT ó 18 in 2021 go 21 in 2022.

Tábla 6 Baill foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide ar cuireadh oiliúint orthu

	2022	2021
Líon bhaill foirne CAT ar cuireadh oiliúint orthu	453	413
Líon iomlán bhaill foirne CAT	616	544
Céatadán ar cuireadh oiliúint orthu	74%	76%

Ina theannta sin, thuairiscigh údarais áitiúla ar líon na gcomhaltaí CAT a thug faoi oiliúint fhoirmiúil um ghníomhú ar son na haeráide, Colún 3 de Chlár Oiliúna na nÚdarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide. An 31 Nollaig, 2022, ghlac 74% (nó 453) de 616 ball CAT páirt in Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cé

gur tháinig méadú beag ar líon na mball foirne ar cuireadh oiliúint orthu ó 413 in 2021 go 453 in 2022, thit céatadán na mball foirne a fuair oiliúint beagán ó 76% in 2021 go 74% in 2022.

Leibhéal ghníomhaíochta CFC agus an fhoghrúpa

Tábla 7 Líon na gcrúinnithe um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cruinnithe CAT	2022	2021
Líon na nÚdarás Áitiúil a raibh cruinnithe CAT acu le linn 2022	27	29
Líon na nÚdarás Áitiúil nach raibh cruinnithe CAT acu le linn 2022	4	2
Líon na gcrúinnithe a reáchtáladh go náisiúnta	116	113
Meánlíon na gcrúinnithe a reáchtáil CATanna gníomhacha go bliantúil	4	4

Rinneadh líon iomlán na gcrúinnithe a bhí ag CATanna agus a bhfoghrúpaí in 2022 a thomhas chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal na gníomhaíochta ar fud na hearnála.

San iomlán, reáchtáladh 116 cruinniú CAT go náisiúnta ar fud 27 údarás áitiúil le linn 2022. Is ionann sin agus ceithre chruinniú in aghaidh na bliana ar an meán do CAT gach údarás áitiúil,

atá ag teacht leis na leibhéal ghníomhaíochta a tuairiscíodh le haghaidh 2021. Ní raibh CATanna i bhfeidhm ag Cill Chainnigh, Cathair Bhaile Átha Cliath ná Luimneach, mar sin ní raibh aon chruinniú acu. Thuairiscigh an Longfort go raibh CAT i bhfeidhm ach nach raibh cruinnithe acu mar gheall ar athruithe ar an bhfoireann agus ar struchtúir thuairiscithe le linn 2022.

Tábla 8 Líon na gcrúinnithe Foirne agus Foghrúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cruinnithe foghrúpaí CAT	2022	2021
Líon na nÚdarás Áitiúil a bhfuil foghrúpaí acu	22	14
Líon na gcrúinnithe foghrúpaí	154	105
Meánlíon le haghaidh an údaráis áitiúil	7	7.5

Bhí 154 cruinniú san iomlán ag foghrúpaí CAT ar fud 22 údarás áitiúil in 2022, sin 49 níos mó ná 2021.

Le linn 2022, bhí 7 gcrúinniú ar an meán ag gach foghrúpa, i gcomparáid le 7.5 cruinniú in 2021.

Ar an iomlán, tháinig méadú ar leibhéal ghníomhaíochta CATanna agus na bhfoghrúpaí araon idir 2021 agus 2022.

Maolú

Tagraíonn maolú do na céimeanna is gá a ghlacadh le cosc a chur ar athrú aeráide breise. I measc na dtéamaí maolaithe ar ghníomhú ar son na haeráide faoin gceanteideal seo tá taisteal gníomhach, coigilt fuinnimh ón gClár Iarfheistithe Tithíocht Shóisialta, agus laghduithe ar gháis cheaptha teasa. Ba cheart go laghdódh gach ceann de na tionscnaimh sin an t-éileamh ar fhuinneamh nó go mbeadh aistriú chuig foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe i gceist leo.

Tionscadail Taisteal Gníomhach


Iarradh ar údaráis áitiúla mionsonraí a thabhairt faoi líon na dtionscadal taistil ghníomhaigh a fuair tacaíocht ó mhaoiniú a tarraingíodh anuas ón gClár Infheistíochta do Thaisteal Gníomhach (An tÚdarás Náisiúnta Iompair) agus a shonrú cé

mhéad tionscadal a bhí ag 'Céim an Deartha', 'Céim na Tógála' nó a bhí 'Curtha i gcrích'. Roghnaíodh na céimeanna sin chun teacht leis na céimeanna a d'úsáid an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Bhí 1,554 tionscadal taisteal gníomhach á gcur ar fáil ag údaráis áitiúla go náisiúnta an 31 Nollaig, 2022, agus astu sin, bhí:

- 517 (33%) curtha i gcrích cheana féin
- 262 (17%) á dtógáil
- 775 (50%) ag céim an deartha

Bhí éagsúlacht mhór i líon na dtionscadal atá á ndéanamh ag na húdaráis áitiúla. Bhí Contae Chorcaí agus Dún na nGall ag an gcéim is airde, agus iad ag bainistiú 343 agus 100 togra faoi seach, agus thuairiscigh Ciarraí go raibh siad ag obair ar dheich dtogra.



Fíor 5 Stádas thionscadail taisteal gníomhach na n-údarás áitiúil an 31/12/22

Coigilt Fuinnimh le haghaidh Iarfheistiú Tithíocht Shóisialta


Bailíonn an Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta (OCST) sonraí ó údarás áitiúla maidir le Clár Iarfheistithe Tithíocht Shóisialta na nÚdarás Áitiúil, arna mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Soláthraíodh sonraí le haghaidh 2022 a bhaineann leis an gcoigilteas MWh a rómhtar gach bliain do gach údarás áitiúil, an

coigilteas Co₂ a rómhtar, agus líon na n-aonad tithíocht shóisialta iarfheistithe.

Ríomhadh an coigilteas trí dheimhnithe Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a chur i gcomparáid roimh an iarfheistiú agus ina dhiaidh. Léiríonn na sonraí gur chuir 28 údarás áitiúil iarfheistiú i gcrích in 2,283 aonad tithíocht shóisialta le linn 2022 agus mar thoradh air sin, is é an coigilt fuinnimh bhliantúil a mheastar 30,161MWh. Is é sin 8,544 tCo₂.

Tábla 9 Aonaid tithíochta iarfheistithe 2022

Líon na nAonad tithíochta iarfheistithe 2022	
Cathair Bhaile Átha Cliath	384
Contae Chorcaí	174
Laois	96
Dún na nGall	141
Contae na Gaillimhe	120
Tiobraid Árann	98
Cill Mhantáin	108
Cill Dara	149
Lú	163
An Longfort	78
An Clár	64
Uibh Fhailí	44
Muineachán	73
Cill Chainnigh	44
DLR (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin)	82
Fine Gall	92
Loch Garman	36
Ros Comáin	42
Sligeach	40
Ceatharlach	39
An Mhí	39
Cathair na Gaillimhe	26
An Cabhán	20
Baile Átha Cliath Theas	64
Port Láirge	24
Cathair Chorcaí	13
Liatroim	7
Ciarraí	3
Móriomlán	2,283³



³ Áirítear san fhiigiúr 20 aonad nach raibh sonraí ar fáil chun coigilt fuinnimh a ríomh. Bhí na haonaid i gCathair Bhaile Átha Cliath, Cill Dara, Lú, Muineachán, Ros Comáin, Baile Átha Cliath Theas agus Tiobraid Árann.

Laghduithe ar Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Thuairiscigh ÚFIÉ gur laghdaigh údaráis áitiúla astaíochtaí gás ceaptha teasa 25.4% ar an iomlán, i gcomparáid leis an meán bonnlíne do na húdaráis áitiúla go léir idir 2016 agus

2018. Baineann na hastaíochtaí le hastaíochtaí teirmeacha, iompair agus leictreachais. Má chuirtear leictreachas as an áireamh, is é an choigilt earnála 6.7%.

Tábla 10 Laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa

	Athrú ar astaíochtaí GCT neamh-leictreachais ó bhonnlíne GCT	Athrú ar astaíochtaí GCT iomlána ó bhonnlíne GCT ⁴
	Teirmeach agus lompar	Teirmeach, lompar agus Leictreachas
Comhairle Contae Cheatharlach	-5.2%	-27.8%
Comhairle Contae an Chabháin	6.2%	-29.0%
Comhairle Contae an Chláir	2.1%	-17.1%
Comhairle Cathrach Chorcaí	-21.7%	-14.7%
Comhairle Contae Chorcaí	16.7%	-29.7%
Comhairle Contae Dhún na nGall	-41.3%	-39.9%
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	-3.3%	-21.2%
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	-16.7%	-38.3%
Comhairle Contae Fhine Gall	-2.4%	-34.0%
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	6.3%	-28.4%
Comhairle Contae na Gaillimhe	-18.0%	-26.2%
Comhairle Contae Chiarraí	-9.5%	-21.1%
Comhairle Contae Chill Dara	-16.6%	-21.5%
Comhairle Contae Chill Chainnigh	30.4%	-17.0%
Comhairle Contae Laoise	-3.5%	-28.2%
Comhairle Contae Liatroma	22.9%	-10.5%
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	-3.6%	-34.2%
Comhairle Contae an Longfoirt	4.7%	-23.2%
Comhairle Contae Lú	-11.3%	-26.3%
Comhairle Contae Mhaigh Eo	-5.9%	-17.7%
Comhairle Contae na Mí	-9.3%	-21.3%
Comhairle Contae Muineacháin	-11.5%	-40.7%
Comhairle Contae Thiobraid Árann	-7.3%	-21.9%
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	-12.2%	-22.8%
Comhairle Contae Ros Comáin	-12.1%	-20.3%
Comhairle Contae Shligigh	4.0%	-24.4%
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	-6.4%	-31.5%
Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge	-10.8%	-20.4%
Comhairle Contae na hIarmhí	-8.2%	-25.1%
Comhairle Contae Loch Garman	25.3%	-23.4%
Comhairle Contae Chill Mhantáin	-4.0%	-16.6%
Údaráis áitiúla (comhiomlán)	-6.7%	-25.4%

⁴Bonnlíne = Meán 2016-2018 do gach Údarás Áitiúil

Oiriúnú

Baineann oiriúnú le freagairt agus coigeartú a dhéanamh ar iarmhairtí iarbhir nó ionchais an athraithe aeráide agus bearta a dhéanamh chun an damáiste a chosc nó a laghdú. Faoin gceannteideal seo, iarradh ar údarás áitiúla faisnéis a fháil maidir le cur i bhfeidhm Phleananna/Straitéisí na nÚdarás Áitiúil um Gníomhú ar son na hAeráide (2019 – 2024). Baineann an dara PTF le líon na gcruinnithe den phlean ar fhreagairt éigeandála adhaimsire chomh maith le cur i bhfeidhm an phlean.

Gníomhartha Oiriúnaithe Aeráide


Tábla1 Stádas na ngníomhartha oiriúnaithe aeráide

Céim na Forbartha	Líon na nGníomhartha 2022	Líon na nGníomhartha 2021
Curtha i gCrích	493 ↑	320
Ar Siúl go Fóill	1,724	1,741
Curtha ar Athlá	11	23
Níor cuireadh tús leis fós	217 ↓	344
Nua	81	76
Iomlán	2,536	2,504

Fiafraíodh de gach údarás áitiúil cé mhéad gníomh a aithníodh ina bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide/Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide (2019 - 2024) de chuid na nÚdarás Áitiúil agus stádas gach gnímh a léiriú.

In 2022, tuairiscíodh 2,536 gníomh san iomlán ar fud na hearnála, méadú ó 2,504 in 2021. Ar an iomlán, bhí méadú infheicthe ar ghníomhartha a cuireadh i gcrích agus laghdú ar líon na ngníomhartha nár cuireadh tús leo faoi dheireadh 2022.

Thuairiscigh na húdarás áitiúla go léir gur thosaigh siad ar a laghad cuid dá ngníomhartha. Cuireadh 20% nó 493 gníomh i gcrích go náisiúnta faoin 31 Nollaig, 2022, i gcomparáid le 320 a cuireadh i gcrích faoin am céanna in 2021. Ina theannta sin, bhí 69% (1,740) de ghníomhartha oiriúnaithe na n-údarás áitiúil ar siúl go fóill, níor cuireadh tús le 9% (218), ba ghníomhartha breise nua iad 3% (81), agus cuireadh 1% (11) de ghníomhartha ar athló.



Fíor 7 Stádas an Ghnímh Oiriúnaithe ar son na hAeráide 2022


Cruinnithe Foirne maidir le Tarluithe Adhaimsire Éigeandála agus Pleananna Freagartha a cuireadh i bhfeidhm

Fiafraíodh d’údaráis áitiúla cé mhéad uair a tháinig Foirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire le chéile in 2022, chun an leibhéal gníomhaíochta ar fud na hearnála a mheas. Bhí 199 cruinniú ag an bhFoireann Freagartha Adhaimsire ar fud 27 údarás áitiúil le linn 2022. Bhí idir cruinniú amháin agus 53 cruinniú ann.

Bhí ceithre údarás áitiúla ann nach raibh cruinniú acu le haghaidh Fhoireann Freagartha Adhaimsire Éigeandála (Fine Gall, Luimneach, An Longfort, agus Ros Comáin) ach thuiriscigh siad go léir go raibh siad ag feidhmiú trí fhoghrúpaí

ar nós Foirne Ard-Taoide agus Measúnaithe Aimsire, (m.sh., i Luimneach, áit a raibh siad ag bualadh le chéile go seachtainiúil), nó foghrúpaí den Fhoireann Measúnaithe Drochaimsire, mar a tharla i Ros Comáin.

Iarradh ar údaráis áitiúla freisin líon na n-uaireanta a cuireadh na Pleananna Freagartha Adhaimsire Éigeandála (SWERP) i bhfeidhm agus na príomhtheagmhais aimsire ba chúis le gníomhachtú an phlean a aithint. Cuireadh 126 SWERP i ngníomh le linn 2022. Ba é an chúis ba mhinice le SWERP a chur i bhfeidhm báisteach (19%) agus gaoth (17%) agus gaoth chósta (14%). Idir shneachta/shioc agus theocht íseal ba chúis le 20% de chur i bhfeidhm an phlean.



Fíor 8 Cruinnithe foirne um fhreagairt adhaimsire na n-údarás áitiúil a reáchtáladh in 2022


Tábla 12 An phríomhchúis le plan freagartha éigeandála adhaimsire 2022 a chur i bhfeidhm

Príomhtheagmhas Aimsire	Líon	Céatadán
Báisteach	36	29%
Gaoth	33	26%
Gaoth Chósta	27	21%
Sneachta/Sioc	15	12%
Teocht Íseal/Sioc	10	8%
Stoirmeacha Toirní	3	2%
Ceo/Ceo Seaca	2	2%
Teocht Ard	0	0%
Iomlán	126	100%

Bhí éagsúlacht mhór ag baint le líon na n-uaireanta a chuir gach údarás áitiúil a bplean i ngníomh. Chuir Ciarraí, an contae ina bhfuil an líon báistí is airde go náisiúnta, a bpleananna i bhfeidhm níos mó ná aon údarás áitiúil eile mar thoradh, go príomha, ar bháisteach (15 teagmhas) agus ar ghaoth chósta (15 teagmhas). Mar sin féin, níor chuir Sligeach, Cathair na Gaillimhe ná Tiobraid Árann a gcuid pleananna i bhfeidhm ach uair amháin.

Cé go raibh tionchar ag dálaí aimsire i limistéir ábhartha na n-údarás áitiúil ar an éagsúlacht i líon na gcruinnithe agus na bpleananna a cuireadh i bhfeidhm, bhí tionchar aige freisin ar na próisis éagsúla a bhí ann ar fud na hearnála chun monatóireacht a dhéanamh ar theagmhais adhaimsire agus chun freagairt dóibh. Bhí grúpaí ag go leor údarás áitiúla a rinne monatóireacht ar theagmhais aimsire agus a ghníomhaigh nuair a bhí sioc ann mar shampla mar chuid dá ngnáthghnó, agus ní dhearna siad ach an Fhoireann Freagartha Éigeandála Adhaimsire a bhrostú nuair ba ghá (m.sh., Fine Gall), agus reáchtáil údarás áitiúla eile cruinnithe rialta den Fhoireann Freagartha Éigeandála Adhaimsire toisc go raibh iarmhairtí na dteagmhas aimsire níos intuatha agus go raibh gá le freagraí i gceantair ar leith (m.sh., Ciarraí).

Pleananna Freagartha Éigeandála a cuireadh i bhfeidhm in 2022



Fíor 9 An chúis a bhfuil plean freagartha éigeandála adhaimsire 2022 á chur i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil


Athrú Iompraíochta Inmheánach & Forbairt Acmhainní

Bhain na topaicí a ndearnadh iniúchadh orthu faoin téama Athrú Iompraíochta Inmheánach agus Forbairt Acmhainní le hoiliúint ar ghníomhú ar son na haeráide d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus do bhaill a toghadh araon, chomh maith le tacaíochtaí a chuirtear ar fáil do FBManna trí Oifigí Fiontair Áitiúil an údarás áitiúil trí chlár Green for Micro. Ba é aidhm gach tionscnaimh feabhas a chur ar chumas daoine aonair tuiscint a fháil ar an tionchar a bhíonn ag iompar ar an aeráid agus cinntí níos eolaí a dhéanamh ina gcuid oibre agus ina saol pearsanta.


Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide

Ba chuid de Chlár Oiliúna na n-Údarás Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhí san oiliúint a rianáidh don fhoireann agus do bhaill a toghadh.

D'fhreastail foireann na n-údarás áitiúil ar 3,394 áit oiliúna a bhain le gníomhú ar son na haeráide in 2022. Bhí baill foirne ag gach údarás áitiúil a ghlac páirt san oiliúint le linn 2022. Ba ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an t-údarás áitiúil is mó, a bhí an líon ab airde rannpháirtithe, 746. Ina theannta sin, le linn 2022, cuireadh 115 ionad oiliúna ar fáil do bhaill a toghadh ar fud 14 údarás áitiúil.



Fíor 10 Líon na n-áiteanna oiliúna ar fhreastail foireann na n-údarás áitiúil orthu le linn 2022




Fíor 11 Líon na mball a toghadh a d'fhreastail ar oiliúint um ghníomhú ar son na haeráide 2022

Tionscnamh Gnó Green for Micro

Chuir údarás áitiúla eolas ar fáil faoi líon na ngnólachtaí ina gceantar a fuair tacaíocht faoin Tionscnamh Gnó Green for Micro. Bhí an clár saor in aisce agus chabhraigh sé le gnólachtaí beaga a bheith inbhuanaithe trí rochtain a fháil ar chomhairleoir glas.

Bhí gnólachtaí ag gach údarás áitiúil a ghlac páirt sa scéim, agus fuair 413 gnólacht tacaíocht ó OFÁanna na n-údarás áitiúil faoin tionscnamh Green for Micro.



Fíor 12 Líon na FBManna páirteach sa tionscnamh OFA Green for Micro le linn 2022

Conclúid

Is í seo an chéad bhliain a d'fhoilsigh CBCC torthaí le haghaidh táscairí náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide. Tháinig fás ar líon na dtáscairí ó cheithre cheann in 2021 go dtí naoi gceann in 2022, rud a thugann léargas níos leithne ar an gcaoi a bhfuil an earnáil ag forbairt tionscnaimh éagsúla um ghníomhú ar son na haeráide agus an bonneagar is gá chun na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm.

Leanfaidh Grúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide ar aghaidh ag plé leis an earnáil chun PTFanna breise a fhiosrú agus na moltaí sin a chur faoi bhráid Choiste CBCC um Ghníomhú ar son na hAeráide, Iompar, An Geilleagar Ciorclach, agus Líonraí lena gceadú. Tarlóidh an obair seo i gcomhairle le foireann na n-údarás áitiúil, agus le páirtithe leasmhara. Oibreoidh an grúpa le páirtithe leasmhara chun tréimhsí feithimh a ghiorrú chun sonraí a fháil, nuair is féidir, ionas gur féidir dul chun cinn 2023 a thuairisciú go luath in 2024.

Leabharliosta

CCMA and CARO, 2021 Delivering Effective Climate Action 2030

Clarke, D. 2021. Léirbhreithniú ar an litríocht maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil

Clarke, D, 2022. Príomhtháscairí Feidhmíochta Gníomhaithe ar Son na hAeráide de chuid an Rialtais Áitiúil - i gComhthéacs Éireannach

CNMI, 2023. Tuarascáil ar Tháscairí Feidhmíochta d'Údaráis Áitiúla 2022

Rialtas Áitiúil 2022 Tuarascáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide Nollaig 2023

Taighde Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil
ISBN: 978-1-911692-10-2

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas:
O'Donoghue Hynes, B., Keane, R. agus Morrin, H. (2023)

Rialtas Áitiúil 2022 Tuarascáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Ghníomhú ar son na hAeráide
Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil



Rialtas Áitiúil 2022 Tuarascáil maidir le Príomhtháscairí Feidhmíochta um Gníomhú ar son na hAeráide



Údarás Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland



LGMA
An Ghníomhaireacht
Bainistíochta Rialtais Áitiúil
Local Government
Management Agency



Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
County and City Management Association